2025/54

10.1.2025

RIALACHÁN (AE) 2025/54 ÓN gCOIMISIÚN

an 7 Eanáir 2025

lena n-athosclaítear an t-iascach le haghaidh péirsí mara in uiscí na hIorua i limistéir 1 agus 2 ag soithí a bhfuil bratach na Fraince ar foluain acu, trí Rialachán (AE) 2024/2815 ón gCoimisiún a aisghairm

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe de chuid an Aontais chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008, (CE) Uimh. 1342/2008 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006 ([1]), agus go háirithe Airteagal 36(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar síos le Rialachán (AE) 2024/257 ón gComhairle ([2]) cuótaí le haghaidh 2024.

(2) An 10 Deireadh Fómhair 2024 thug an Fhrainc fógra don Choimisiún, de bhun Airteagal 35(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, faoina cinneadh toirmeasc a chur ar iascaireacht a dhéanamh ar phéirsí mara in uiscí na hIorua i limistéir 1 agus 2 ón 26 Iúil 2024.

(3) Le Rialachán (AE) 2024/2815 ón gCoimisiún ([3]) cuireadh toirmeasc ar shoithí a bhfuil bratach na Fraince ar foluain acu iascaireacht a dhéanamh ar phéirsí mara in uiscí na hIorua i limistéir 1 agus 2.

(4) De réir na faisnéise a fuair an Coimisiún an 8 Samhain 2024 ó údaráis na Fraince, tá cainníocht ar fáil arís don Fhrainc le haghaidh chuóta an stoic sin tar éis malartuithe deiseanna iascaireachta arna dtabhairt i gcrích faoi Airteagal 16(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]). Dá bhrí sin, ba cheart an t-iascach le haghaidh péirsí mara in uiscí na hIorua in 1 agus 2 ag soithí a bhfuil bratach na Fraince ar foluain acu nó atá cláraithe sa Fhrainc a athoscailt go dtí go bhfógrófar a mhalairt.

(5) Ba cheart éifeacht a bheith ag athoscailt an iascaigh sin an 8 Samhain 2024, chun go bhféadfar iascaireacht a dhéanamh ar an gcainníocht péirsí mara atá i gceist roimh dheireadh na bliana atá ann faoi láthair.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2024/2815 a aisghairm le héifeacht ón 8 Samhain 2024.

(7) Ní dhéanann an cur i bhfeidhm cúlghabhálach sin difear do phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla ná do phrionsabal an ionchais dhlisteanaigh, mar go bhfuil cuóta ar fáil arís le haghaidh an stoic sin,

([1]) IO L 343, 22.12.2009, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) 2024/257 ón gComhairle an 10 Eanáir 2024 lena socraítear le haghaidh 2024, 2025 agus 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/194 (IO L, 2024/257, 11.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/257/oj).

([3]) Rialachán (AE) 2024/2815 ón gCoimisiún an 28 Deireadh Fómhair 2024 lena mbunaítear iamh iascaigh le haghaidh péirsí mara in uiscí na hIorua i limistéir 1 agus 2 i gcás soithí a bhfuil bratach na Fraince ar foluain acu (IO L, 2024/2815, 5.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2815/oj).

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1380/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Athosclaítear an t-iascach le haghaidh péirsí mara in uiscí na hIorua in 1 agus 2 le haghaidh shéasúr iascaireachta 2024 ag soithí a bhfuil bratach na Fraince ar foluain acu nó atá cláraithe sa Fhrainc dá dtagraítear san Iarscríbhinn.

Aisghairtear Rialachán (AE) 2024/2815 ón gCoimisiún.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 8 Samhain 2024.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit uile.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 7 Eanáir 2025.

Thar ceann an Choimisiúin,
Thar ceann an Uachtaráin,
Costas KADIS
Comhalta den Choimisiún

IARSCRÍBHINN

Uimh.	28/TQ257 - Athoscailt
Ballstát	An Fhrainc
Stoc	REB/1N2AB.
Speiceas	An phéirse mhara (*Sebastes mentella*)
Limistéar	Uiscí na hIorua i limistéir 1 agus 2
Dáta an Iaimh	an 26 Iúil 2024
Dáta Athoscailte	an 8 Samhain 2024